Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026
(OR. en)

6787/26
PV CONS 9
AGRI 144
PECHE 70
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

23 Feabhra 2026

1. An clár oibre a ghlacadh

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6298/26.

2. Formheas na míreanna 'A'

(a) Liosta neamhreachtach 6386/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 6387/26

Talmhaíocht

1. Rialachán lena leasaítear Rialachán a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe ❶C 6064/26 + ADD 1 PE-CONS 65/25
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhormheas CST, an 16.02.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 42, an chéad fhomhír, agus Airteagal 43(2) agus Airteagal 118, an chéad mhír, CFAE).

Tá ráiteas ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

2. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte ❶C 6177/1/26 REV 1 + REV 1 ADD 1 PE-CONS 68/25 JAI
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhormheas COREPER, Cuid 2, an 18.02.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh leis an Spáinn, an Fhrainc agus an Phortaingéil ag vótáil ina choinne (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointe (d) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

Leagtar amach ráitis ón Spáinn agus ón bhFrainc san Iarscríbhinn.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

3. Rialachán lena mbunaítear liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais 1 C 6176/1/26 REV 1 + ADD 1
Glacadh an ghnímh reachtaigh PE-CONS 67/25 + COR 1 (et)
a d'fhormheas COREPER, Cuid 2, an 18.02.2026 JAI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh leis an mBeilg agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointe (d) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

Leagtar amach ráiteas ón Ungáir san Iarscríbhinn.

Iompar

4. Cinneadh lena dtugtar de chumhacht don Ostair an comhaontú déthaobhach um iompar de bhóthar atá aici cheana leis an Eilvéis, lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste i seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar i gcóiste agus i mbus, a leasú 1 C 5974/26 + COR 1 TRANS
Cur chuige ginearálta
a d'fhormheas COREPER, Cuid 1, an 18.02.2026

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir le Cinneadh lena dtugtar de chumhacht don Ostair an comhaontú déthaobhach um iompar de bhóthar atá aici cheana leis an Eilvéis, lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste i seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar i gcóiste agus i mbus, a leasú.

Plé reachtach
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

3. An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: tograí 1 C 5875/26
Díospóireacht bheartais

Pléadh mír 3 agus mír 5(a)(i) le chéile.

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis na moltaí beartaithe ón gCoimisiún don Chomhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis ón bhFrainc thar ceann na Fraince, na Portaingéile agus na Spáinne, le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón mBulgáir, ón gCróit, ón tSeicia, ón Ungáir, ó Éirinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin, agus tuairimí na dtoscaireachtaí.

Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha

4. Tuarascáil ar an meastóireacht ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála 5306/26 16217/25
Cur i láthair ón gCoimisiún
Seisiún tuairimíochta

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún agus bhí seisiún tuairimíochta aici maidir leis an tuarascáil ar an meastóireacht ar an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála.

Aon ghnó eile

5. Talmhaíocht agus Iascach

(a) Togra reachtach reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

(i) Iarraidh ar fhorálacha a aistriú ón dréacht-Rialachán maidir le Plean CNR go dtí an dréacht-Rialachán CBT, an dréacht-Rialachán CBI agus an dréacht-Rialachán CEM 6356/26
Faisnéis ón bhFrainc, ón bPortaingéil agus ón Spáinn

Pléadh mír 5(a)(i) agus mír 3 le chéile.

Talmhaíocht

(b) Creat Rialaithe CBT a chur i bhfeidhm faoi Phlean Straitéiseach CBT 2023-2027 6354/26
Faisnéis ón Laitvia, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Liotuáin agus ón tSualainn

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil, thar ceann na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Laitvia, na Liotuáine agus na Sualainne, agus le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón mBulgáir, ón gCróit, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ungáir, ó Éirinn, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin agus ón Spáinn. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(c) Saoráid Eorpach athárachais le haghaidh tubaistí nádúrtha a tharlaíonn san earnáil talmhaíochta 6505/26
Faisnéis ón bPortaingéil

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil agus a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(d) Deacrachtaí a bhfuil ar earnáil muc an Aontais aghaidh a thabhairt orthu – a riachtanaí atá cabhair eisceachtúil 6418/3/26 REV 3
Faisnéis ón Rómáin

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin ar fáil, le tacaíocht ón Ungáir, ó Mhálta, ón bPolainn agus ón tSlóvaic. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(a) (ar lean.) Togra reachtach reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) C 17056/1/25 REV 1

(ii) Glao ar bhearta lena n-áiritheofar infhaighteacht gnáthréitigh ar chosaint barr agus lena n-áiritheofar inmharthanacht an táirgthe bia 6470/26
Faisnéis ón Eastóin

(iii) Ábhair imní maidir leis an togra ón gCoimisiún Eorpach cur síolta cóireáilte a áireamh sa sainmhíniú ar úsáid táirgí cosanta plandaí 6465/26
Faisnéis ón bPolainn

Pléadh mír 5(a)(ii) agus mír 5(a)(iii) le chéile.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Eastóin ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil agus ón Rómáin, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSualainn, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

Iascach

(e) Dianchosaint ar iascach an Aontais fíor-riachtanach i gcomhairliúcháin ríthábhachtacha sna Stáit Chósta ar ronnaigh 2 6562/26
Faisnéis ó Éirinn

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Éire ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón nGearmáin, ón bPortaingéil, ón Spáinn agus ón tSualainn. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

---

1 An chéad léamh

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 6387/26

Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':	**Rialachán lena leasaítear Rialachán a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe** *Glacadh an ghnímh reachtaigh*

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

'Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall an méid seo a leanas a chur faoi bhráid an ghrúpa saineolaithe nó an choiste ábhartha sa bhliain 2026:

(1) dréachtghníomh cur chun feidhme lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/274 a bhaineann leis an bhféidearthacht leathnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an nós imeachta simplithe maidir le húdaruithe athphlandaithe a dheonú a leagtar síos in Airteagal 9 den Rialachán sin;

(2) dréachtleasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, chun córas de chuid an Aontais a shainiú, córas lena ndéantar na modhanna leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 119(4) agus (5) de Rialachán (AE) 1308/2013 a léiriú ar an bpacáiste nó ar lipéad táirgí fíniúna;

(3) dréachtleasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún chun an fhéidearthacht fíonta dí-alcólaithe nó páirt-dhí-alcólaithe a chumasc le fíonta socra chun fíonta páirt-dhí-alcólaithe a tháirgeadh a chuimsiú sa sainmhíniú ar 'coupage' ('cumasc');

(4) dréachtghníomh tarmligthe lena leagtar síos na coinníollacha maidir le fíonghoirt thréigthe a ghrafadh dá dtagraítear in Airteagal 62(6) nua de Rialachán (AE) 1308/2013.'

Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':	**Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte** *Glacadh an ghnímh reachtaigh*

RÁITEAS ÓN SPÁINN

- 'Tá an Spáinn tiomanta do chur chun feidhme an Chomhshocraithe Eorpaigh maidir le hImirce agus Tearmann. Is cloch mhíle stairiúil é an comhshocrú sin agus beartas cuimsitheach agus creat dlíthiúil cuimsitheach de chuid an Aontais á fhorbairt le haghaidh bainistiú tearmainn agus imirce. Is príomhchuid den chreat dlíthiúil sin é Rialachán (AE) 2024/1348 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta (Rialachán maidir leis an nós imeachta tearmainn).
- Ní thacaíonn an Spáinn leis an togra seo chun an Rialachán maidir leis an nós imeachta tearmainn a leasú ar cheithre chúis, a bhaineann le gnéithe reachtacha, dlíthiúla, seachtracha agus oibríochtúla.

- Ar an gcéad dul síos, baineann an Rialachán an bonn ó shláine an Chomhshocraithe. Déanfar leasú leis ar an gComhshocrú Eorpach maidir le hImirce agus Tearmann fiú sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2026. Tá an leasú seo á thabhairt isteach sula mbeimid in ann a dhéanamh amach an bhfeidhmíonn an creat dlíthiúil nua ina iomláine i gceart agus, go háirithe, an bhfeidhmíonn na forálacha nua maidir le coincheap an tríú tír shábháilte atá san áireamh cheana féin sa Rialachán maidir leis an nós imeachta tearmainn mar a comhaontaíodh ag deireadh 2023. Thairis sin, déanfar leasú leis ar cheann de na gnéithe a bhí an-íogair agus muid ag teacht ar chomhaontú foriomlán, is é sin coincheap an tríú tír shábháilte. Ar deireadh, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an togra seo ina aonar, ach i ndlúthcheangal leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Filleadh agus leis na moil um fhilleadh atá beartaithe sa rialachán sin. Tá an Spáinn fós i gcoinne ionaid aisdúichithe den sórt sin a chur i dtríú tíortha.
- Ar an dara dul síos, cuireann an Spáinn ábhair imní dhlíthiúla in iúl maidir leis an bhféidearthacht a áireamh sa téacs go dtabharfaí i gcrích socruithe neamhcheangailteacha sa réimse sin. Leis na socruithe sin, ní féidir a áirithiú go n-urramófar cearta agus oibleagáidí na n-iarratasóirí a aistreofar chuig tríú tír. Níl aon ráthaíocht ann go dtabharfar cosaint éifeachtach do na hiarratasóirí sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Thairis sin, mura bhfuil na socruithe sin ceangailteach, tagann an cheist chun cinn faoin gcaoi a gcuirfí d'oibleagáid ar na Ballstáit agus ar thríú tíortha iad a chomhlíonadh. Trí fhoráil a dhéanamh go sainráite go bhféadfadh an tAontas féin socruithe nó comhaontuithe neamhcheangailteacha a thabhairt i gcrích le tríú tíortha sa réimse sin, tá ardleibhéal freagrachta agus riosca do-ghlactha á gcur ar na Ballstáit uile. Ina theannta sin, tá ardriosca dlíthíochta ann cionn is gur féidir go sárófar prionsabal an *non-refoulement* a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Bheadh rioscaí dlíthiúla ann freisin ag baint leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an leasú ar na rialacha maidir le freagracht a chinneadh. I ndáil leis sin, ní féidir é a chur as an áireamh go bhféadfar aistrithe idir na Ballstáit faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce a chur ar fionraí, i bhfianaise na féidearthachta go bhféadfaidh cúirteanna náisiúnta a mheas nach féidir daoine a aistriú chuig tíortha a shínigh comhaontuithe den sórt sin.
- Ar an tríú dul síos, bíonn tionchar díreach ag tabhairt i gcrích comhaontuithe den chineál sin ag an Aontas nó ag Ballstáit eile le tríú tíortha atá comharsanach leis an Spáinn ar chaidreamh déthaobhach na Spáinne leis na tíortha sin. Déantar foráil sa téacs maidir le sásra réamhaisnéise do Bhallstáit a bhfuil teorainn choiteann acu. D'eisiafaí leis an bhfoclaíocht sin, áfach, príomhthíortha comharsanacha atá ag an Spáinn, a bhféadfadh Ballstáit eile comhaontuithe a thabhairt i gcrích leo gan an Spáinn a chur ar an eolas ná dul i gcomhairle léi.
- Ar an gceathrú dul síos, ar an leibhéal oibríochtúil, tá amhras mór ar an Spáinn faoi éifeachtacht agus éifeachtúlacht an togra. Ós rud é go bhfuil an critéar nasctha roghnach, ardaítear ceisteanna maidir le hinbhuanaitheacht an tsásra. In éagmais nasc teaghlaigh, sóisialta nó eacnamaíoch, níl a fhios ag an Spáinn cén dreasacht a bheadh ann do dhuine aistrithe gan iarracht a dhéanamh filleadh ar an Aontas ós rud é go bhfuil a n-ionchais i dtríú tír anaithnid teoranta. Thairis sin, mura gcuirfeadh ach roinnt de na Ballstáit an critéar nasctha i bhfeidhm, bheadh córas ilroinnte seachas córas coiteann dá dheasca. Tá amhras ann freisin faoi chostas agus tairbhe birt den sórt sin. Ní dhearnadh aon anailís costais agus tairbhe atá oibiachtúil ar an mbealach is íosta. Tá samplaí comhchosúla ann cheana, áfach, inar léiríodh costas ard agus torthaí teoranta.
- I bhfianaise an mhéid thuas, tá an Spáinn **I gCOINNE** ghlacadh an Rialacháin seo mar atá beartaithe.'

RÁITEAS ÓN bhFRAINC

‘Vótálfaidh an Fhrainc i gcoinne ghlacadh an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte. Agus cur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte á athrú ar an mbealach sin, tá rioscaí suntasacha oibríochtúla, dlíthiúla agus polaitiúla ag baint leis an téacs seo do na Ballstáit a roghnaíonn gan an critéar nasctha a chur i bhfeidhm agus do na Ballstáit nach sin a roghnaíonn siad agus, *a fortiori*, nach mbeidh in ann an rogha sin a dhéanamh.

Tríd an gcritéar nasctha a bhaint mar cheanglas éigeantach agus trína cheadú, ina ionad sin, gur féidir comhaontuithe nó socruithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha, caitheann an téacs amhras ar na cothromaíochtaí íogaire a baineadh amach faoi chuimsiú an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann agus, dá réir sin, cuireann sé cur chun feidhme an Chomhshocraithe i mbaol:

– d’fhéadfadh méadú ar ghluaiseachtaí tánaisteacha a bheith dá dheasca, riosca nárbh fhéidir a bhreithniú sular tíolacadh an t-athbhreithniú reachtach toisc nach ndearnadh measúnú tionchair roimh ré;

– d’fhéadfadh sé cur isteach ar aistrithe idir na Ballstáit faoi shásra Bhaile Átha Cliath, agus dá réir sin faoi Rialachán (AE) 2024/1351 an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce;

– is é an toradh atá air sin, go háirithe, go bhféadfaí ‘socruithe’ a thabhairt i gcrích, ar socruithe iad, toisc iad a bheith de chineál neamhcheangailteach, nach gceadófar don Bhallstát na ráthaíochtaí uile is gá a bheith aige chun a áirithiú go mbainfidh an t-iarrthóir tearmainn, sa tríú tír a bhfuil sé beartaithe ag an mBallstát atá freagrach é nó í a chur ar ais chuici, tairbhe as an leibhéal cosanta a cheanglaítear le coincheap an tríú tír shábháilte, go háirithe rochtain éifeachtach ar an gcosaint sin.

Ar deireadh, athdhearbhaíonn an Fhrainc go bhfuil sí ina choinne go dtiocfadh maoiniú ón Aontas do chomhaontuithe nó socruithe den sórt sin, go háirithe as na cistí gníomhaíochta seachtraí.’

Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':	**Rialachán lena mbunaítear liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais** *Glacadh an ghnímh reachtaigh*

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Athdhearbhaíonn an Ungáir go bhfuil ceisteanna móra fós aici maidir leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. I gcomhthéacs liosta an Aontais Eorpaigh de thíortha sábháilte tionscnaimh, mhol an Ungáir i gcónaí gur cheart na tíortha is iarrthóirí incháilithe a chur ar liosta an Aontais go huathoibríoch. Creidimid gur cheart go dtarlódh sé sin go huathoibríoch agus nach gá coinníollacha breise a fhorchur ar thíortha is iarrthóirí chun go bhfanfadh siad ar an liosta.

Is oth leis an Ungáir, mar sin, i ndáiríre, go bhforchuirfi leis an téacs comhréitigh, coinníollacha níos déine ar na tíortha is iarrthóirí incháilithe ná mar a fhorchuirtear ar na tríú tíortha eile atá liostaithe san Iarscríbhinn.

Measann an Ungáir go gcuirfí an réiteach dlíthiúil is láidre ar fáil trí liostú sonrach na dtíortha is iarrthóirí incháilithe, nach n-éireodh cúrsaí níos casta dá bharr agus go gcaithfí go cothrom leis na tíortha is iarrthóirí incháilithe.

I bhfianaise an mhéid sin, staonann an Ungáir ón vótáil.’